Fís gaelbhratach

- ***Go gcothófaí meas ar an nGaeilge sa scoil iomlán.***
- ***Go múinfí Gaeilge trí mheán na Gaeilge.***
- ***Go gcuirfí ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a fhoghlaimíonn siad a úsáid go muiníneach eatarthu féin, le pobal na scoile agus lasmuigh den scoil.***
- ***Go gcuirfí tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus iad i mbun na scéime.***
- ***Scoileanna dara leibhéal na tíre a spreagadh agus a chumasú le gníomhú chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tríd an scoil ar fad agus lasmuigh di ar bhonn pleanáilte, leanúnach agus taitneamhach.***

Clár

Caibidil 1:	**Cur síos ar Gaelbhratach**	**4**
Caibidil 2:	**Gaelbhratach Bhunúsach**	**6**
Caibidil 3:	**Gaelbhratach ag forbairt**	**11**
Caibidil 4:	**An Coiste Gaelbhratach**	**15**
Caibidil 5:	**An Suirbhé**	**18**
Caibidil 6:	**Plean Gnímh**	**19**
Caibidil 7:	**Mana/Fís na Gaeilge**	**20**
Caibidil 8:	**Monatóireacht**	**22**
Caibidil 9:	**Imeachtaí/Smaointe**	**23**
Caibidil 10:	**Foirmeacha/Doiciméid**	**25**
Ceisteanna Coitianta:		**31**
Eolas Breise		**32**

Caibidil 1 –
Gaelbhratach

Is scéim gradaim í ***Gaelbhratach*** a thugann aitheantas do scoileanna a ghníomhaíonn le húsáid na Gaeilge agus feasacht ar an teanga a chur chun cinn tríd an scoil ar fad agus sa phobal lasmuigh di.

Má tá an scoil chun tabhairt faoin scéim seo, ní mór don scoil ar fad a bheith tiomanta chun ***Gaelbhratach*** a bhaint amach:

- Scoláirí
- Foireann – Múinteoirí agus Baill foirne eile
- An Bord Bainistíochta / Gobharnóirí
- Coiste na dTuismitheoirí

Aidhm *Gaelbhratach:*
Scoileanna dara leibhéal na tíre a spreagadh agus a chumasú le gníomhú chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tríd an scoil ar fad agus lasmuigh di ar bhonn pleanáilte, leanúnach agus taitneamhach.

Cuspóirí *Gaelbhratach* don scoil:
- Go spreagfaí úsáid na Gaeilge sa scoil
- Go gcuirfí feasacht ar an nGaeilge chun cinn sa scoil
- Go spreagfaí comhoibriú gníomhach idir na scoláirí, na múinteoirí agus ceannasaíocht na scoile
- Go mbeadh a fhios ag pobal an cheantair go bhfuil an scoil tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge.

Cuspóirí *Gaelbhratach* don mhac léinn:
- Go spreagfaí agus go gcumasófaí an scoláire chun a bheith páirteach go gníomhach in úsáid na Gaeilge agus feasacht ar an teanga a chur chun cinn sa scoil
- Go spreagfaí agus go gcumasófaí an scoláire chun feidhmiú go gníomhach mar cheannaire agus chun scileanna eagrúcháin a fhoghlaim
- Go mbeadh an scoláire níos muiníne agus tiomanta chun an Ghaeilge a úsáid, ní mar ábhar scoile nó teanga scoile amháin, ach mar rogha teanga níos mó ina shaol pearsanta
- Go mbeadh feasacht níos fearr ag an scoláire ar na deiseanna úsáide Gaeilge lasmuigh den scoil

Cuspóirí *Gaelbhratach* don mhúinteoir:
- Go mbeadh cúnamh agus tacaíocht ghníomhach ar fáil don mhúinteoir ó na scoláirí chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil
- Mar thoradh ar an obair ar fad go mbeadh na scoláirí níos spreagtha chun an Ghaeilge a fhoghlaim
- Go mbeadh an múinteoir nasctha le córas náisiúnta le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus go mbeadh tacaíocht ann don mhúinteoir de bharr seo
- Go spreagfaí múinteoirí na scoile chun níos mó úsáide a bhaint as an nGaeilge agus go mbeadh siad níos feasaí ar an teanga.

Cén fáth gur fiú don scoil páirt a ghlacadh?
1. Spreagfaidh ***Gaelbhratach*** úsáid na Gaeilge sa scoil ina hiomláine
2. Cuirfidh ***Gaelbhratach*** le híomhá dhearfach na Gaeilge sa scoil agus i measc an phobail lasmuigh di
3. Ardóidh ***Gaelbhratach*** feasacht i measc na scoláirí ar an saol Gaeilge lasmuigh den scoil
4. Beidh níos mó spéise ag na scoláirí sa Ghaeilge
5. Spreagfaidh ***Gaelbhratach*** ceannaireacht i measc na scoláirí
6. Cumasófar na scoláirí le gníomhú le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil
7. Cruthóidh ***Gaelbhratach*** gréasán oibre idir na scoláirí, na múinteoirí agus ceannasaíocht na scoile
8. Beidh a fhios ag scoláirí, foireann na scoile agus ag tuismitheoirí poitéinsiúil go bhfuil spéis faoi leith ag an scoil sa Ghaeilge agus cur chun cinn úsáid na Gaeilge
9. Beidh an scoil páirteach sa ghluaiseacht náisiúnta le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn
10. Nuair a chomhlíonfar na céimeanna go sásúil, bronnfar ***Gaelbhratach*** ar an scoil. Beidh sé mar chomhartha aitheantais ar an obair ar fad a bheidh déanta ag an scoil le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn go gníomhach.

Tá Gael Linn, i mbun *Gaelbhratach* sna scoileanna i bpáirt le Conradh na Gaeilge ar an dara leibhéal. Tá an scéim urraithe ag Foras na Gaeilge.

Tá níos mó eolais faoi na heagrais atá páirteach sa scéim thíos:

Gael Linn
Bunaíodh Gael Linn i 1953 ar mhaithe le fiontair úra a chur chun cinn chun leasa na Gaeilge. Is í príomhaidhm na heagraíochta ná an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú agus a chur chun cinn ar fud na hÉireann i réimsí polasaí agus pobail, mar theanga bheo agus mar spreagadh féiniúlachta. Cuimsíonn gníomhchlár Gael Linn trí phríomhréimse; an réimse oideachais, gníomhaíochtaí chun tácú le húsáid na Gaeilge agus réimse gnó na heagraíochta. www.gael-linn.ie

Conradh na Gaeilge
Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge. Tá breis agus 200 craobh ag an gConradh ag saothrú ar son na teanga. Ó bunaíodh é in 1893, tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre agus ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na teanga a chur chun cinn ina gceantair féin. Bíonn Conraitheoirí chun tosaigh i bhfeachtais chun cearta phobal na Gaeilge a bhaint amach agus a dhaingniú. Is féidir clárú mar bhall aonair den Chonradh freisin. www.cnag.ie

Foras na Gaeilge
Tá Foras na Gaeilge ag déanamh urraíochta ar an scéim ***Gaelbhratach***.
Bunaíodh Foras na Gaeilge in 1999. Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, thuaidh agus theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge. Ina theannta sin, cuireann siad tionscadail tacaíochta ar bun agus tugann siad cúnamh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud oileán na hÉireann. www.gaeilge.ie

Caibidil 2 –
Gaelbhratach Bhunúsach

Céard atá le déanamh chun ***Gaelbhratach Bhunúsach*** a bhaint amach?

Tá an cúig ghníomh riachtanach chun *Gaelbhratach Bhunúsach* a bhaint amach thíos:

1. **Coiste *Gaelbhratach* a bhunú** (lch 15)
2. **Suirbhé a dhéanamh ar an nGaeilge sa scoil**
3. **Plean gnímh a chur le chéile agus feidhmiú dá réir**
4. **Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh**
5. **Mana/Fís don Ghaeilge a bheith ag an scoil**

Chomh maith leo siúd is gá do gach scoil trí ghníomh eile a roghnú ón liosta thíos chun *Gaelbhratach Bhunúsach* a bhaint amach:

1. **Páirt a ghlacadh i *COMHRÁ* don bhliain scoile**
2. **Club Gaeilge iarscoile nó Is Leor Beirt ag am lóin**
3. **Tionscadal ar chearta teanga agus stádas na Gaeilge**
4. **Amhrán na bhFiann**
5. **Clár raidió**
6. **Imeachtaí le scoileanna eile**
7. **Imeachtaí do thuismitheoirí**
8. **Turas scoile chun na Gaeltachta nó chuig ionad oidhreachta le seirbhís as Gaeilge**
9. **Seomra Gaeilge / Balla na Gaeilge a chur ar bun**
10. **Páirt a ghlacadh i *Gaeilge 24***
11. **Páirt a ghlacadh i gComórtas Díospóireachta an Phiarsaigh Gael Linn**
12. **Páirt a ghlacadh i Siansa Gael Linn**
13. **Páirt a ghlacadh i gcomórtais an Oireachtais**
14. **Páirt a ghlacadh i gcomórtais Sheachtain na Gaeilge**
15. **Páirt a ghlacadh i gcomórtais 'An Cumann Scoildramaíochta'**

Imeachtaí teoranta do Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge:

16. **Páirt a ghlacadh i Scléip Gael Linn**
17. **Páirt a ghlacadh i gComórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn**

An Trí Ghníomh Roghnach le déanamh:

Is gá don Choiste Gaeilge trí ghníomh a roghnú ón 12 rogha thíos le cur leis an gcúig ghníomhaíocht luaite roimhe seo.

1. Páirt a ghlacadh i *COMHRÁ*

Curiarracht don chomhrá Gaeilge is faide ar domhan le grúpaí éagsúla ar fud an domhain i mbun ciorcal comhrá sealaíochta mar chuid de chlár ama 169 uair a' chloig san iomlán a shruthófar beo ar líne.

Conas: 1. Cuir tréimhse ama in áirithe. 2. Eagraigh an comhrá
Téamaí: Beidh téama difriúil ag baint le gach lá de Chomhrá chun deis a thabhairt do ghrúpaí labhairt ar an ábhar sin mar chuid dá gcomhrá féin

Níos mó eolais: comhra@cnag.ie / +353 (0)1 4757401

2. Club Gaeilge iarscoile nó Is Leor Beirt ag am lóin

Moltar club Gaeilge iarscoile a chur ar bun sa scoil. B'fhiú tacaíocht agus comhairle a lorg ó cheann de na hógeagraíochtaí Gaeilge, ar nós:

- Ógras www.ogras.ie / eolas@ogras.ie
- Cumann na bhFiann www.colaistenabhfiann.ie
- Feachtas www.feachtas.ie
- Spleodar www.spleodar.com
- Óige na Gaeltachta www.onag.ie

Nó d'fhéadfaí ciorcal den ghréasán *Is Leor Beirt* a chur ar bun am lóin lá éigin gach seachtain sa scoil. Go bunúsach, an rud a bheadh i gceist ná seomra a eagrú gur féidir le scoláirí nó / agus an fhoireann dul ann agus fios ag gach duine go mbeidh daoine ag caint as Gaeilge sa seomra am lóin an lá sin.

3. Tionscadal ar chearta teanga agus stádas na Gaeilge

Moltar go ndéanfaí tionscadal ar chearta teanga agus stádas na Gaeilge gur féidir a chur ar taispeáint sa scoil.

4. Amhrán na bhFiann

Amhrán na bhFiann a mhúineadh mar chuid den rang Gaeilge sa scoil agus an bhrí taobh thiar den amhrán a mhíniú.

Amhrán na bhFiann

Sinne Fianna Fáil,
atá faoi gheall ag Éirinn,
Buíon dár slua
thar toinn do ráinig chughainn,
Faoi mhóid bheith saor
Seantír ár sinsear feasta,
Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill.
Anocht a théam sa bhearna baoil,
Le gean ar Ghaeil, chun báis nó saoil,
Le gunna scréach faoi lámhach na bpiléar,
Seo libh canaig amhrán na bhfiann

Seo dhíbh, a chairde, duan Ógláigh
Caithréimeach bríomhar ceolmhar
Ár dtinte cnámh go buacach táid
'S an spéir go mín réaltógach
Is fonnmhar faobhrach sinn chun gleo
'S go tiúnmhar glé roimh thíocht don ló
Fé chiúnas chaomh na hoíche ar seol
Seo libh, canaídh Amhrán na bhFiann

Conradh na Gaeilge | Gael Linn | Foras na Gaeilge

5. Clár raidió a chur le chéile

Tá treoracha thíos ar conas gur féidir clár raidió a chur le chéile sa scoil:

1. Tabhair na scoláirí le chéile go bhfuil spéis acu clár raidió a dhéanamh. Déan grúpaí de 4 nó 5 astu. Beidh gach grúpa ag obair ar a gclár raidió féin.

2. Le gach grúpa, socraigh téama an chláir - clár ceoil, clár cainte, clár nuachta, srl.

3. Tabhair post ar leith do gach duine sa ghrúpa. San áireamh, ba chóir go mbeadh:
- Stiúrthóir: beidh an stiúrthóir freagrach as an sceideal a eagrú agus beidh air/uirthi cinntiú go bhfuil na míreanna éagsúla eagraithe agus réidh le haghaidh craolacháin
- Láithreoir: cuireann an láithreoir an clár i láthair (is féidir le beirt an post seo a dhéanamh más mian leis an ngrúpa)
- Taighdeoir (no taighdeoirí): Is féidir leo siúd taighde a dhéanamh do na láithreoirí nó tuairiscí seachtracha a dhéanamh don chlár
- Comhfhreagraí: D'fhéadfadh duine/daoine eile a bheith freagrach as an nuacht a chur le chéile agus é a léamh.

4. Pléigh smaointe do na cláracha sna grúpaí.

5. Roghnaigh an ceol a bheidh á úsáid mar chuid den chlár. Beidh ar na scoláirí oibriú amach cé mhéad ama a thógfaidh gach píosa ceoil.

6. Líon amach clár oibre do gach grúpa (sampla thíos) sa chaoi go mbeidh gach duine cinnte faoin méid ama atá acu dá míreanna féin.

7. Déan taifead ar an gclár. Is féidir ríomhaire nó fón póca a úsáid. Bíodh sé de dualgas ar an Stiúrthóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil dóthain ama ag gach duine/go bhfuil gach duine ag fanacht taobh istigh den mhéid ama atá tugtha dóibh.

8. Coinnigh nótaí cruinn (de réir an tsoicind) fad is atá an taifead ar siúl. Leis an eolas seo, beidh sé níos éasca dul ar ais agus athrú a dhéanamh más gá.

Ábhair shamplacha don chlár raidió:
- Stiúrthóir: beidh an stiúrthóir freagrach as an sceideal a eagrú agus beidh air/uirthi cinntiú go bhfuil na míreanna éagsúla eagraithe agus réidh le haghaidh craolacháin
- Agallamh leis an múinteoir/príomhoide
- Ceol beo/píosa amhránaíochta ón rang
- Dráma
- Fógraí
- Scéalta greannmhara
- Tuairisc ar cheolchoirm/clár teilifíse/leabhar/scannán srl.
- Torthaí spóirt
- Nuacht an lae
- Cúlchaint faoi dhaoine mór le rá
- Scéalta áitiúla
- Aoichainteoirí
- Díospóireacht
- Réamhthuairisc ar imeachtaí atá le teacht
- Comórtais le hurraíocht ó shiopa áitiúil

Sceideal samplach do chlár raidió:

SCEIDEAL

Ainm an Ghrúpa: .....

Ainm an Chláir: .....

Téama an Chláir: .....

Dáta le bheith ar an aer: ..... **Am:** .....

AM (de réir soicind)	ÁBHAR	DUINE FREAGRACH
00.00	Ceol Oscailte	Stiúrthóir
00.20	Fáilte agus ábhair an chláir	Láithreoir
01.20	Píosa ceoil	Stiúrthóir
04.50	Agallamh	1 Taighdeoir 1
09.50	Píosa ceoil 2	Stiúrthóir
13.50	Agallamh 2	Láithreoir
17.50	Nuacht	Comhfhreagraí
19.20	Píosa ceoil 3	Stiúrthóir
22.30	Agallamh 3	Taighdeoir 2
25.30	Scéal áitiúil	Taighdeoir 3
27.30	Slán a fhágáil	Láithreoir
28.00	Ceol deiridh	Stiúrthóir
30.00	Deireadh	Stiúrthóir

D'fhéadfaí dul i dteagmháil le
Raidió Rí-Rá rira@cnag.ie
Raidió na Life www.raidionalife.ie
nó Raidió na Gaeltachta www.rte.ie/rnag/
chun comhairle a lorg nó imeacht a eagrú.

Bíonn comórtas raidió á reáchtáil ag Seachtain na Gaeilge chomh maith agus is féidir níos mó eolais a fháil ag www.snag.ie

6. Imeachtaí le scoileanna eile

Moltar don scoil imeachtaí Gaeilge a eagrú le scoil nó scoileanna eile in aice leis an scoil, ar nós:

- lá spóirt as Gaeilge
- ceolchoirm
- céilí
- nó eile

Is gá labhairt leis na scoláirí agus leis na múinteoirí sa scoil eile ar dtús chun moltaí a chur le chéile chun go mbainfear úsáid as an nGaeilge i rith an imeachta.

7. Imeachtaí do thuismitheoirí

D'fhéadfadh an Coiste ***Gaelbhratach*** imeacht Gaeilge a eagrú do na tuismitheoirí i bpáirt le Coiste na dTuismitheoirí nó an Bord Bainistíochta / Bord na nGobharnóirí, ar nós:

- rang Gaeilge
- ceolchoirm
- ciorcal comhrá
- tráth na gceist
- nó eile

8. Turas scoile chun na Gaeltachta nó chuig ionad oidhreachta le seirbhís as Gaeilge

D'fhéadfadh an Coiste ***Gaelbhratach*** turas a eagrú chun na Gaeltachta is gaire don scoil nó dul chuig ionad eachtraíochta sa Ghaeltacht. B'fhiú don Choiste Gaeilge teagmháil a dhéanamh leis an gcomharchumann cuí le himeachtaí a eagrú don lá sin chomh maith. Tá go leor ionad oidhreachta in ann turas treoraithe a chur ar fáil trí Ghaeilge ar fud na tíre. B'fhiú don Choiste Gaeilge teagmháil a dhéanamh le cúpla ionad ag lorg turas treoraithe as Gaeilge agus ansin ligean do na scoláirí sa scoil a roghnú cén t-ionad arbh fhearr leo dul chuige.

9. Seomra Gaeilge / Balla na Gaeilge a chur ar bun

B'fhiú seomra faoi leith leis an nGaeilge a úsáid ann go sóisialta a chur ar bun sa scoil má tá seomraí sa bhreis ag an scoil le cur ar fáil. Ba chóir ábhair Ghaeilge a bheith ar fáil ann, ar nós:

- cluichí as Gaeilge (ar nós scrabble as Gaeilge)
- ceol as Gaeilge
- leabhair Ghaeilge
- greannáin as Gaeilge, srl..

Ba chóir clár imeachtaí Gaeilge a eagrú sa seomra chomh maith le himeachtaí ar nós:
- lón le Gaeilge
- tráth na gceist seachtainiúil
- ciorcal comhrá

Mura bhfuil seomra ar fáil, d'fhéadfaí Balla na Gaeilge a chur ar leataobh sa scoil le haghaidh:
- eolas ar an nGaeilge
- eolas faoi imeachtaí a bheadh á n-eagrú ag Coiste ***Gaelbhratach***
- foirmeacha iarratais do chomórtais Ghaeilge
- nó eile

10. Páirt a ghlacadh i *Gaeilge24*

'Sé aidhm Gaeilge 24 ná daoine óga a spreagadh chun labhairt as Gaeilge amháin do 24 uair a' chloig: sa bhaile, ar scoil, le siopaí agus gnólachtaí, timpeall an bhaile, le cairde, sa chlub spóirt nó óige agus eile! Gach bliain bíonn níos mó scoileanna páirteach agus is breá leis na daltaí an dúshlán. Cuideoidh sé le hintinní na ndaoine óga a oscailt & eispéireas dearfach a thabhairt dóibh maidir le húsáid na Gaeilge ina saoil.



11. Páirt a ghlacadh i gComórtas Díospóireachta an Phiarsaigh Gael Linn

Tá Comórtas Díospóireachta an Phiarsaigh á reáchtáil ag Gael Linn do scoileanna dara leibhéal nach ndéantar teagasc iontu trí Ghaeilge, agus dóibh siúd amháin.

12. Páirt a ghlacadh i Siansa Gael Linn

Tá an comórtas seo eagraithe do ghrúpaí traidisiúnta chun spreagadh agus ardán a thabhairt don chuid is fearr d'ógthallann ceoil agus amhránaíochta traidisiúnta na tíre. Tugtar cabhair agus cúnamh do na ceoltóirí óga trí cheardlanna a eagrú dóibh le ceoltóirí cáiliúla.

Oireachtas
Tír agus Teanga
Oireachtas na Gaeilge

13. Páirt a ghlacadh i gcomórtais an Oireachtais

Eagraíonn Oireachtas na Gaeilge raon leathan imeachtaí i rith na bliana chun na healaíona dúchasacha, trí mheán na Gaeilge, a cheiliúradh. Ina measc, tá comórtais amhránaíochta agus liteartha. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.antoireachtas.ie

Seachtain na Gaeilge
Bain Triail Aisti Surprise yourself!

14. Páirt a ghlacadh i gcomórtais Sheachtain na Gaeilge

Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í, atá ar an gceiliúradh is mó dár dteanga agus dár gcultúr dúchais a bhíonn ar siúl in Éirinn agus in go leor tíortha eile gach bliain. Tá go leor comórtaisí á reachtáil ag Seachtain na Gaeilge gach bliain, tuilleadh eolais ar fáil ag www.snag.ie

An Cumann Scoildrámaíochta

15. Páirt a ghlacadh i gcomórtais 'An Cumann Scoildramaíochta'

Eagraíonn An Cumann Scoildrámaíochta, atá faoi phátrúnacht an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, féilte drámaíochta chun drámaí trí Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na tíre. Tá níos mó eolais ar fáil ag www.scoildramaiocht.ie

Imeachtaí teoranta d'Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge:

16. Páirt a ghlacadh i Scléip Gael Linn

Is éard atá i Scléip ná comórtas tallainne spreagúil agus spraíúil atá dírithe go sonrach ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Cuireann sé béim ar na healaíona comhaimseartha agus ar chruthaitheacht agus ar chumadóireacht na rannpháirtithe.



17. Páirt a ghlacadh i gComórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn

Tá Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain á reáchtáil ag Gael Linn do iar-bhunscoileanna a ndéantar teagasc iontu trí Ghaeilge. Tugann an comórtas deis do na rannpháirtithe a gcuid tuairimí a nochtadh ar scéalta móra an lae.

Caibidil 3 –
Gaelbhratach ag forbairt

I gcás scoileanna a ghlacann páirt sa scéim den chéad uair bronnfar ***Gaelbhratach*** ar an scoil sin tar éis bliana, ach na céimeanna cuí a bheith comhlíonta go sásúil ag scoil. Beidh ***Gaelbhratach*** mar chomhartha aitheantais as an obair ghníomhach ar fad a bheadh déanta an scoil chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Nuair a eiríonn leis an scoil an bhratach a bhaint amach, moltar tabhairt faoin scéim arís bliain in aghaidh bliana. Is scéim phíolótach í ***Gaelbhratach*** agus is próiséas leanúnach é.

Mar sin 'sí aidhm na scéime ná go mbeadh forbairt ar leith á déanamh ag an scoil ar an nGaeilge gach aon bhliain agus go mbeadh an Ghaeilge ag dul ó neart go neart ó bhliain go bliain mar theanga bheo. Mar sin, beidh ar an scoil tabhairt faoi rudaí nua gach bliain chun an bhratach a choimeád agus ***Gaelbhratach*** a bhaint amach go sásúil gach uile bliain, ní athrá ar an méid a bheadh bainte amach sa chéad bhliain atá i gceist.

In ionad bratach nua a bhronnadh ar scoil gach bliain, bronnfar bratach bheag thriantánach orthu ag deireadh gach bliain a bheadh le feisint faoin bhratach mhór ar an gcrann brataí céanna. Deimhniú a bheadh anseo go raibh an scoil fós páirteach sa scéim agus go raibh ***Gaelbhratach*** bainte amach acu an bhliain sin.

Tar éis do scoil an bhratach a bhaint amach sa chéad bhliain, beidh ar an gCoiste ***Gaelbhratach*** díriú ar chatagóirí ar leith sna blianta amach rompu.

'Siad na catagóirí seo ná:

- **Siamsaíocht (ceol agus drámaíocht)**
- **Pobal**
- **Idirlíon**
- **Spórt**

Beidh ar an gcoiste trí mhór-imeacht a eagrú sa scoil in aghaidh na bliana. Is féidir le scoil cloí le catagóir amháin nó imeachtaí a eagrú ó gach catagóir más mian leo.

Catagóirí:

Ceol agus Drámaíocht – Siamsaíocht

1. Ceolchoirm sa scoil – Ceolchoirm a eagrú sa scoil, mar shampla roimh saoire an tSamhraidh. Is féidir an imeacht seo a nascadh leis an idirbhliain agus/ nó ranganna ceoil.

2. Comórtas amhránaíochta – Comórtas a eagrú i rith Seachtain na Gaeilge idir ranganna sa scoil. D'fhéadfaí amhráin a roghnú ó aon sheánra ceoil ach, dar ndóigh, iad a bheith as Gaeilge.

3. Céilí Mór – Ceilí a eagrú sa halla mór agus cuireadh a thabhairt do scoileanna eile a bheith i láthair ar an lá. Is féidir cuireadh a thabhairt do scoileanna eile atá páirteach sa scéim nó fiú scoil eile ón gceantar.

4. Seó Tallainne – Seó a eagrú sa scoil i rith na bliana agus cead a thabhairt do gach rang páirt a ghlacadh ann. D'fhéadfadh na múinteoirí Gaeilge a bheith mar mholtóirí!

5. Amhrán a aistriú go Gaeilge agus físeán a dhéanamh – Amhrán a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus físeán a dhéanamh le dul in éineacht leis an amhrán. Is féidir amhrán a roghnú ó aon sheánra ceoil agus an físeán a scaipeadh ar shuíomh greasáin na scoile agus ar na meáin shóisialta.

6. Dráma – Dráma a chur ar stáitse agus cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus don bpobal a bheith i láthair. D'fhéadfaí an dráma a chur ar stáitse roimh shaoire na Nollag, mar shampla.

7. Sceitse a dhéanamh – Sceitse a chur ar stáitse agus comórtas a eagrú idir grúpaí difriúla sa scoil. D'fhéadfaí sceitse a dhéanamh ar na sraitheanna pictiúirí atá sna scrúduithe béil!

8. 'Tobshlua' (Flash mob): Teacht le chéile ag áit phoiblí agus damhsa a dhéanamh. Déantar é seo gan choinne agus gan dabht bheadh ar an nGaeilge a bheith lárnach sa seó.

9. Grúpa traidisiúnta a bhúnú sa scoil – Scéal a scaipeadh tríd na scoile go bhfuil grúpa traidisiúnta á bhunú. D'fhéadfaí cruinniú a eagrú de dhaltaí a bhfuil suim acu a bheith páirteach sa ghrúpa.

10. Aoi a fháil isteach – Is féidir cuireadh a thabhairt do ghrúpa ceoil traidisiúnta nó file / scríbhneoir / amhránaí Gaelach teacht chun na scoile agus labhairt leis na daltaí faoin Ghaeilge agus cén tionchar atá aici ar a saol.

Pobal

1. Ceolchoirm phoiblí – Ceolchoirm a eagrú don phobal sa halla áitiúil. D'fhéadfaí costas beag a chur ar an doras agus airgead a bhailiú d'ócáid éigin eile atá á eagrú ag an gcoiste, ar nós seó faisin sa scoil nó turas go dtí an Ghaeltacht.

2. Maidin caife don phobal – D'fhéadfaí maidin caife a eagrú don phobal sa scoil nó sa halla áitiúil. D'fhéadfaí costas a chur ar chístí, caife / tae agus airgead a bhailiú d'imeacht eile a bheadh le heagrú ag an gcoiste Gaelbhratach.

3. Cuairt ar ospidéal – Ar an gcuairt is féidir eolas a thabhairt ar ***Gaelbhratach*** agus an sprioc atá ag an scoil agus ag na daltaí i leith na Gaeilge. D'fhéadfaí amhráin a chanadh agus ceol a sheinm chomh maith.

4. Cuairt ar bhunscoil áitiúil – Eolas a thabhairt do na páistí ar an nGaeilge agus ar Gaelbhratach, ag súil go mbeidh siad féin páirteach sa scéim agus iad ag bogadh ar aghaidh go dtí an mheánscoil.

5. Imeacht leis an Cumann Lúthchleas Gael sa cheantar – d'fhéadfaí comórtas peile/iománaíochta a eagrú idir scoileanna sa cheantar, ag an mbunleibhéal agus an meánleibhéal. Gan dabht, bheadh ar na páistí / daltaí / réiteoirí ar fad an Ghaeilge a labhairt agus iad ag imirt.

6. Seastán san ollmhargadh /siopa áitiúil – Seastán 'pop-up' a chur in airde san ollmhargadh áitiúil agus eolas a thabhairt do dhaoine ar an scoil agus ar an scéim ***Gaelbhratach***. D'fhéadfaí airgead a bhailiú do na himeachtaí eile a bheidh ar siúl i rith na bliana.

7. Suirbhé ar mhuintir an bhaile: Dul faoin mbaile agus suirbhé a chur ar dhaoine i leith na Gaeilge. Is féidir na torthaí a chur le chéile agus iad a chur isteach sa bhfillteán ***Gaelbhratach***. Mar shampla: An bhfuil Gaeilge acu? Cén tionchar atá ag an nGaeilge ar a saol?

8. Ciorcal Comhrá sa leabharlann / siopa / caife áitiúil – Ciorcal comhrá a eagrú lasmuigh den scoil do mhuintir an bhaile, uair sa choicíos nó uair sa mhí mar shampla. B'fhéidir go mbeadh an imeacht seo dírithe den chuid is mó ar an idirbhliain toisc go mbíonn níos mó ama acu i rith na bliana.

9. Maidin do sheanóirí an bhaile – Cuireadh a thabhairt do sheanóirí an bhaile teacht chun na scoile. D'fhéadfaí cur i láthair a dhéanamh dóibh ar ***Gaelbhratch*** agus eolas a thabhairt dóibh ar an scoil i leith na Gaeilge. Is féidir ceol a sheinm agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh.

10. Na meáin áitiúla – nuachtáin/raidió/teilifís – Dul i dteagmháil leis na meáin áitiúla ag cur in iúl go bhfuil sibh i mbun na scéime ***Gaelbhratach*** sa scoil. B'fhéidir go mbeadh an deis ann agallamh a dhéanamh le Raidió na Gaeltachta nó alt a scríobh don nuachtán áitiúil, mar shampla.

Idirlíon

1. Suíomh na scoile – gailearaí / eolas faoin ***Gaelbhratach*** / imeachtaí/ suíomh a aistriú go Gaeilge. Suíomh gréasáin a bhunú le heolas faoin scéim a scaipeadh, poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí agus gailearaí a bhunú. Tá féidearthacht ann chomh maith suíomh áitiúil atá in úsáid go forleathan a aistriú go Gaeilge.

2. Físeán a dhéanamh faoin nGaeilge sa scoil / cheantar – Físeán nó gearrscannán a thaifead faoin nGaeilge i do scoil féin nó i do cheantar. D'fhéadfaí agallaimh a chur ar dhaltaí scoile, múinteoirí, muintir an bhaile, siopadóirí srl.

3. Físeán ceoil a dhéanamh – Amhrán a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge nó amhrán nua a chumadh as Gaeilge agus físeán a dhéanamh le dul in éineacht leis. D'fhéadfaí amhrán a roghnú ó aon sheánra ceoil. D'fhéadfaí an físeán a scaipeadh ar shuíomh greasáin na scoile agus ar na meáin shóisialta.

4. Leathanach Facebook / Twitter / Instagram don scoil a bheith ag feidhmiú as Gaeilge. D'fhéadfaí díriú ar imeachtaí Gaelbhratach agus ar imeachtaí Gaeilge na scoile / an cheantair. Bheadh na leathanaigh seo ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

5. Físeán faoi na himeachtaí ar fad –Gearrscannán a dhéanamh faoi na himeachtaí Gaelbhratach a bheadh ar siúl le linn na scoilbhliana. Is fearr meascán daoine a bheith san fhíseán chun tionchar bhur gcuid oibre a fheiceáil, mar shampla: daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, muintir an bhaile.

6. Daoine a mhealladh chun Facebook / gmail / gutháin srl a úsáid as Gaeilge (ceardlann a dhéanamh) – Póstaeir a dhearadh agus a chrochadh, leathanach idirlín a dhearadh, nóta a chur abhaile, comórtas a eagrú srl. chun daoine a mhealladh leis na meáin agus na meáin shóisialta a úsáid trí mheán na Gaeilge.

7. Taispeántas sleamhnán – Taispeántas sleamhnán a chur le chéile le grianghraif agus le físeáin ó gach imeacht a rinne sibh i rith na bliana. Bheadh sé le taispeáint ag ócáid dheireadh na bliana agus ar líne.

8. Suíomh gréasáin nua a bhúnú – Suíomh greasáin a bhunú le heolas faoi imeachtaí Gaeilge chomh maith le hábhar scoile Gaeilge, físeáin Ghaeilge, ceol as Gaeilge srl.

9. Stáisiún raidió / teilifíse / youtube na scoile a bhunú le cláracha / podchraoltaí rialta á gcraoladh ar scoil agus ar líne. D'fhéadfaí agallamh a chur ar aon aoi a thagann ar chuairt chun na scoile, chomh maith le daltaí, múinteoirí agus aon duine eile.

10. Córas cara pinn ar líne – Cara pinn a aimsiú do rang / bliain sa scoil agus iad le bheith i dteagmháil le chéile ó thús deireadh na bliana. D'fhéadfaí an córas cara pinn a dhéanamh le scoil eile atá páirteach sa ***Gaelbhratach***, scoil ar an taobh eile den tír nó rang Gaeilge thar lear i Meiriceá, Ceanada, an tSín nó aon áit eile ar fud an domhain!

Spórt

1. Comórtas sa scoil – Comórtas spóirt (peil, iománaíocht, cispheil srl. nó meascán) a eagrú sa scoil. D'fhéadfaí an comórtas a reáchtáil ar aon lá amháin i rith na bliana nó comórtas leanúnach a eagrú. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do scoileanna eile páirt a ghlacadh.

2. Lá spóirt trí Ghaeilge – Lá a roghnú i rith na bliana chun comórtais spóirt a eagrú do dhaltaí agus múinteoirí na scoile. D'fhéadfaí bileoga le téarmaí spóirt a chur le chéile don lá chomh maith le póstaeir ag déanamh fógraíochta ar an lá. Beidh an lá le reáchtáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

3. Lá spóirt sa bhunscoil – Lá spóirt a eagrú leis an mbunscoil áitiúil. Bheadh béim ar an teanga ar an lá agus ar fhoghlaim na Gaeilge i mbealach taitneamhach.

4. Béim a chur ar an nGaeilge sa rang corpoideachais – Bileoga a chur le chéile ag tús na bliana do na ranganna corpoideachas. Bheifeá ag súil le cur leis an liosta i gcaitheamh na bliana agus go mbeadh gach rang corpoideachais á reachtáil go dátheangach roimh dheireadh na bliana.

5. Imeacht leis an CLG – Teagmháil a dhéanamh leis an gCumann Lúthchleas Gael áitiúil agus imeacht, ócáid, comórtas, nó rang a eagrú leo le béim áirithe ar úsáid na Gaeilge.

6. Aoi-chainteoir – Cuireadh a thabhairt d'aoi-chainteoir mór le rá le teacht chun na scoile agus labhairt leis na daltaí faoina gcuid taithí le spórt agus leis an teanga.

7. Comórtas idir scoileanna a eagrú – Féach uimhir.1. Cuireadh a thabhairt do scoil eile sa cheantar páirt a ghlacadh i gcomórtas.

8. Tionscnamh ar na Cluichí Oilimpeacha – Tionscnamh a dhéanamh ar na Cluichí Oilimpeacha nó ar aon mhór-chomórtas spóirt eile. D'fhéadfaí an tionscnamh a dhéanamh i leabhar gearrthóg, nó ar an ríomhaire.

9. Cur i láthair – cúrsaí sláinte – sa scoil / lasmuigh den scoil: Cur i láthair a dhéanamh i ngach rang sa scoil ar chúrsaí sláinte – tábhacht an spóirt agus an tábhacht a bhaineann le bia sláintiúil a ithe. Is féidir bilegoa eolais a dhearadh agus a scaipeadh chomh maith.

10. Turas go Páirc an Chrócaigh – Turas a eagrú go Páirc an Chrócaigh agus an turas treoraithe a dhéanamh trí Ghaeilge.

11. Bia sláintiúil ar fáil – maidin caife: Maidin caife a eagrú sa scoil agus bia sláintiúil a chur ar fáil. Is féidir oidis a scaipeadh chomh maith.

Beidh ar an gcoiste mór-imeacht amháin a bheith comhlíonta roimh saoire na Nollag. Chomh maith leis sin, beidh orthu an cúig ghníomh riachtanach a bhí le déanamh acu sa chéad bhliain a athdhéanamh gach bliain. i.e:

- Coiste Gaelbhratach a bhunú – (Moltar coiste nua gach bliain)
- Suirbhé a dhéanamh ar an nGaeilge sa scoil (Is féidir torthaí a chur i gcomparáid bliain in aghaidh bliana ag súil go mbeadh feabhas agus forbairt le feiscint gach bliain).
- Plean gnímh a chur le chéile agus a fheidhmiú
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh
- Mana/Fís don Ghaeilge sa scoil.

Caibidil 4 – An Coiste

Ag bunú Coiste Gaelbhratach:

Is gá Coiste Gaelbhratach a bhunú chun dul i gceannas ar an bpróiseas chun ***Gaelbhratach*** a bhaint amach. Beidh an Coiste Gaelbhratach freagrach as na rudaí seo a leanas:

- Rannpháirtíocht leathan a chinntiú ar an gCoiste Gaelbhratach ó gach bliain sa scoil
- An plean gnímh a chur le chéile agus é a chur i bhfeidhm sa scoil
- Na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí sa phlean a eagrú
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn an Choiste Gaelbhratach
- An t-iarratas a réiteach chun ***Gaelbhratach*** a bhaint amach

Feidhmiú an Choiste Gaelbhratach

Tá córas molta thíos chun an Coiste Gaelbhratach a fheidhmiú:

- Ba chóir na hoifigigh ar an gCoiste Gaelbhratach a shocrú ag an gcéad chruinniú, tríd daoine a ainmniú agus a thoghadh má tá níos mó ná duine amháin ainmnithe d'aon phost faoi leith
- Ba chóir na hoifigigh seo a leanas a bheith ar an gCoiste Gaelbhratach: Cathaoirleach, Leaschathaoirleach; Rúnaí; Cisteoir; agus Oifigeach Caidreamh Poiblí. Tá níos mó eolais ar dualgais molta do na poist sin ar leathanaigh 16-17
- Ba chóir go mbeadh clár ann do gach cruinniú. **Tá clár samplach ar leathanach 26**.
- Ba chóir go nglacfaí miontuairiscí ag gach cruinniú. Níor chóir a chur sna miontuairiscí ach an rud a pléadh, an cinneadh a glacadh agus an duine nó na daoine atá freagrach as an gcinneadh a chur i bhfeidhm. **Tá dréachtmhiontuairiscí ar leathanach 27**.
- Ba chóir don Chathaoirleach, i bpáirt leis an Leaschathaoirleach, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an Choiste Gaelbhratach uair sa mhí. **Tá foirm mhonatóireachta ar leathanach 30**.

Ionadaíocht ar an gCoiste Gaelbhratach:

Tá moltaí thíos d'ionadaíocht an choiste agus conas na hionadaithe sin a cheapadh ar an gCoiste Gaelbhratach (dar ndóigh, tá seans ann go mbeidh cúiseanna faoi leith i do scoil féin le hionadaíocht éagsúil a chur ar an gcoiste):

- Beirt scoláire as gach bliain sa scoil. Moltar na scoláirí ó gach bliain a thoghadh trí thoghchán daonlathach le vóta amháin ag gach scoláire le bheith caite go rúnda. Is féidir le grúpa scoláirí dul i gceannas ar an toghchán nó d'fhéadfadh múinteoir sa scoil an toghchán a eagrú (is féidir na hionadaithe a roghnú sa chás nach n-oireann toghchán don scoil)

Minicíocht na gCruinnithe:
Is gá don Choiste Gaelbhratach cinneadh a dhéanamh ar mhinicíocht na gcruinnithe agus ar an am is fearr sa lá chun iad a eagrú. Tá cúpla moladh thíos:
- Gach Aoine ag am lóin nó i ndiaidh am scoile
- Gach dara Máirt ag am lóin nó i ndiaidh am scoile

Dualgais d'Oifigigh an Choiste Gaelbhratach:

Cathaoirleach
Is é an Cathaoirleach ceannródaí an Choiste Gaelbhratach, agus an duine a dhéanann comhordú ar obair an choiste. Spreagann an Cathaoirleach na baill chun a bheith gníomhach in imeachtaí an choiste agus de ghnáth, is é/í an Cathaoirleach a labhraíonn thar ceann an choiste agus a chuireann dearcadh an choiste in iúl. Tá dhá phríomhrannóg i réimse oibre an Chathaoirligh:

Stiúradh Cruinnithe den Choiste Gaelbhratach
- a chinntiú go bhfuil seomra ar fáil don chruinniú
- clár don chruinniú a leagan amach i bpáirt leis an Rúnaí agus an cruinniú a thosú in am
- an cruinniú a stiúradh chun a chinntiú go ndéanfar gach ábhar ar an gclár a phlé
- a chinntiú go mbíonn ionchur ag baill an Choiste Gaelbhratach ar fad sa phlé
- a chinntiú go ndéantar cinneadh faoin ábhar a bhíonn á phlé
- spriocanna agus amscála na hoibre a chinntiú
- an cruinniú a chríochnú in am
- dáta agus am an chéad chruinniú eile a shocrú

Obair idir Cruinnithe
- súil a choinneáil, i bpáirt leis an Leas-Chathaoirleach, go bhfuil gach rud a beartaíodh ag an gcruinniú á chur i bhfeidhm
- déileáil le hobair bhreise de réir mar is cuí

Leas-Chathaoirleach
Is é ról an Leas-Chathaoirligh ná:
- tacaíocht a thabhairt don Chathaoirleach
- cruinnithe a stiúradh nuair nach bhfuil an Cathaoirleach i láthair
- dualgais faoi leith a ghlacadh de réir mar a chinneann an Cathaoirleach nó an Coiste Gaelbhratach

Rúnaí
Tá dhá rannóg i réimse oibre an Rúnaí:

Riaradh Cruinnithe
- clár a réiteach don chruinniú i gcomhar leis an gCathaoirleach agus é a scaipeadh roimh an gcruinniú
- freastal ar na cruinnithe agus miontuairiscí a ghlacadh (féach leathanach 27)
- gach comhfhreagras a chur os comhair an chruinnithe
- liosta tinrimh a choinneáil sna miontuairiscí de gach cruinniú
- a bheith i dteagmháil go rialta leis an gCathaoirleach idir cruinnithe
- déileáil le comhfhreagras
- liosta de ríomhphoist na mball a chur le chéile

Cisteoir
- cúram a ghlacadh d'ioncam an choiste agus é a lóisteáil má tá cuntas bainc/poist ag an gCoiste Gaelbhratach
- tuairiscí a choinneáil ar gach caiteachas
- billí a cheadaítear a íoc go tráthúil
- tuairiscí airgid a chur os comhair gach cruinnithe agus an cruinniú deireadh bliana

Oifigeach Caidreamh Phoiblí
- dea-íomhá phoiblí an Choiste Gaelbhratach a chothú
- Nuachtlitir a chur le chéile don scoil (ar bhonn rialta – bíodh sé sin uair sa mhí nó uair sa téarma)
- poiblíocht a fháil sna meáin chumarsáide áitiúla d'imeachtaí an Choiste Gaelbhratach
- deiseanna a ghlacadh chun obair an choiste a chur os comhair na scoile – nuachtlitir, póstaeir srl…
- Scoláirí na scoile a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí a bhíonn á reáchtáil
- ábhair éagsúla a chur ar fáil do shuíomh gréasáin na scoile as Gaeilge agus do nuachtlitir na scoile
- Preasráiteas a chumadh agus a chur le chéile, d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, mar shampla. Tá níos mó eolais ar seo ar lth 28.

Baill eile den Choiste Gaelbhratach:
- freastal ar chruinnithe an Choiste Gaelbhratach agus páirt iomlán a ghlacadh iontu
- an obair a leagtar amach ag na cruinnithe a chur i gcrích
- dualgais faoi leith a ghlacadh de réir mar a roinneann an Cathaoirleach nó an Coiste Gaelbhratach orthu iad, ar nós: Oifigeach Spóirt; Oifigeach Ceoil; Oifigeach Ealaíne; srl.

Cumarsáid
Is fiú don Choiste Gaelbhratach a bheith ag socrú na bealaí is fearr chun cumarsáid inmheánach a dhéanamh le scoláirí, le foireann agus bord bainistíochta na scoile. I measc na mbealaí cumarsáide sin, beidh:
- Póstaeir (ar na ballaí ar fud na scoile)
- Na meáin shóisialta: Twitter, Facebook, Youtube, srl..
- Suíomh gréasáin na scoile (b'fhiú leathanach faoi leith a bheith ag an gCoiste Gaelbhratach)
- Nuachtlitir
- Ríomhphost
- Eitleoirí
- Scáileáin mhóra sa scoil, más ann dóibh
- Blag

Sa phlean gnímh, ba chóir na bealaí cumarsáide a bheidh in úsáid a roghnú. Ba chóir cur síos a dhéanamh ar cé a bheidh i gceannas orthu agus cé chomh rialta is a bheidh na bealaí in úsáid.
Chomh maith leis an gcumarsáid inmheánach sa scoil, is fiú don Choiste Gaelbhratach a bheith ag smaoineamh faoi na meáin chumarsáide áitiúla a úsáid. Chabhródh clúdach lasmuigh den scoil leis na scolairí a spreagadh agus teaghlaigh na scoláirí a chur ar an eolas faoi imeachtaí sa scoil. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide seo a leanas:
- Na nuachtáin áitiúla
- An raidió áitiúil
- Na meáin Ghaeilge

Ba chóir don Oifigeach Caidreamh Poiblí na sonraí teagmhála do na meáin thuas a lorg.
D'fhéadfadh an Coiste Gaelbhratach, mar shampla, scéal a chur chuig na meáin chumarsáide áitiúla faoi fhéilire Sheachtain na Gaeilge sa scoil nó an ócáid dheireadh bliana agus na daoine a bhain gradaim faoi leith amach.

Cad é ról an Mhúinteora?
Is gá go mbeidh ról lárnach ag an múinteoir chun Gaelbhratach a bhaint amach. Beidh na scoláirí go cinnte ag tiomáint na hoibre agus freagrach as na himeachtaí a eagrú ach tá sé fíor tábhachtach go mbeidh an múinteoir ann chun stiúir agus tacaíocht a chur ar fáil do na scoláirí.

Moltar don mhúinteoir na rudaí seo a leanas a dhéanamh:
- A bheith mar theagmhálaí leis na hoifigigh Gaelbhratach
- A bheith cinnte go mbeidh Coiste Gaelbhratach roghnaithe i Mí Mheán Fómhair
- Dul tríd an lámhleabhar tacaíochta leis an gCoiste Gaelbhratach
- Tacaíocht a thabhairt don Choiste Gaelbhratach chun cruinnithe a eagrú (ó thaithí na scéime píolótaí, ba chóir socrú a dhéanamh leis an gCoiste Gaelbhratach go bhfreastlóidh an múinteoir ar na cruinnithe ar bhonn rialta agus aontaithe, m.sh. ar feadh leathuair a' chloig ag gach cruinniú uair a' chloig nó ar chruinniú iomlán uair sa mhí nó eile)
- Cabhrú leis na scoláirí le tacaíocht fhoirmiúil na ndaoine seo a leanas a fháil don ***Gaelbhratach***:
  1. Príomhoide na scoile
  2. Bord Bainistíochta / Bord Gobharnóirí na scoile (b'fhiú cur i láthair a shocrú leis an gCoiste Gaelbhratach le cur os comhair an Bhoird)
  3. Coiste Tuismitheoirí na scoile
- Comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Chathaoirleach idir cruinnithe den Choiste Gaelbhratach
- Freastal ar cheann de na ceardlanna traenála agus tacaíochta do mhúinteoirí agus do scoláirí.

Caibidil 5 –
An Suirbhé

Suirbhé a dhéanamh ar an nGaeilge sa scoil

Mar chuid d'aon phlean gnímh sa scoil, is fiú a thuiscint cén bunús atá leis an nGaeilge ann agus spriocanna a bhunú de réir an eolas sin. Chomh maith leis sin, is deis í moltaí a lorg ó na scoláirí, ó na múinteoirí agus ón mbord bainistíochta. Cabhróidh sé le seilbh ar an bplean gnímh a roinnt leis an scoil ina hiomláine. Tá dréacht cheistneoir thíos mar mholadh don scoil:

- Moltar suíomh gréasáin tacaíochta le suirbhéanna a dheánamh ar nós Surveymonkey a úsáid. Chabhródh seo leis an ualach oibre ar na scoláirí a laghdú agus chabhródh sé leis na grafaicí / cairteacha de na torthaí a chur le chéile.
- Moltar duais randamach a thabhairt do scoláire as páirt a ghlacadh sa suirbhé le níos mó scoláirí a mhealladh le páirt a ghlacadh.
- Moltar suirbhé dátheangach a chur le chéile, más gá, do scoláirí ar bheagán Gaeilge.

SUIRBHÉ AR AN nGAEILGE SA SCOIL

1. Cén leibhéal Gaeilge atá agat:

(1 = an-lag & 5 = an-láidir – Cuir ciorcal timpeall ar na huimhreacha cuí)

a. Gaeilge a thuiscint	1	2	3	4	5
b. Gaeilge a labhairt	1	2	3	4	5
c. Gaeilge a scríobh	1	2	3	4	5

2. Cé chomh minic is a úsáideann tú an Ghaeilge:

(1 = am ar bith & 5 = i gcónaí – Cuir ciorcal timpeall ar an uimhir chuí)

a. Ar scoil	1	2	3	4	5
b. Le do chairde ar scoil	1	2	3	4	5
c. Le do chairde sa bhaile	1	2	3	4	5
d. Le do theaghlach	1	2	3	4	5

3. An mhaith leat an Ghaeilge:

(1 = ní maith in aon chor & 5 = is aoibhinn liom – Cuir ciorcal timpeall ar an uimhir chuí)

a. A labhairt níos mó sa scoil	1	2	3	4	5
b. A chloisteáil níos mó sa scoil	1	2	3	4	5
c. A fheiceáil níos mó sa scoil	1	2	3	4	5

4. Conas gur féidir an Ghaeilge a spreagadh sa scoil?

a. _____

b. _____

c. _____

5. Cén saghas imeachtaí Gaeilge gur chóir a eagrú sa scoil?

a. _____

b. _____

c. _____

Is féidir le scoláirí a gceisteanna féin a chumadh chomh maith. Tá samplaí thíos de cheisteanna gur féidir a úsáid:

An bhfuil Gaeilge ag do thuismitheoirí?

An raibh tú riamh sa Ghaeltacht?

An maith leat Gaeilge mar ábhar scoile?

Ar mhaith leat staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i gColáiste 3ú leibhéal?

Ar mhaith leat a bheith id' mhúinteoir Gaeilge sa todhchaí?

An mbíonn tú ag féachaint ar TG4?

An mbíonn tú ag éisteacht le RnaG? Raidió na Life? Cláracha Gaeilge ar an raidió?

An bhfuil tú id' chonaí sa Ghaeltacht?

An bhfuil an Ghaeilge níos deacra chun foghlama i gcomparáid leis an bhFraincís mar shampla? (Nó pé teanga eile atá mar ábhar ag an scoláire).

Ar fhreastail tú ar Ghaelscoil?

Caibidil 6 –
Plean Gnímh

Plean gnímh a chur le chéile agus a fheidhmiú:

Tá sé an-tábhachtach nach mbeadh eagla nó imní ar an gCoiste Gaelbhratach plean gnímh a chur le chéile. Níl sa phlean gnímh ach comhordú agus treoir ar an obair a bheidh ar siúl ag an gCoiste Gaelbhratach i rith na bliana.

Ba chóir go mbeadh an Plean Gnímh:

- Simplí le léamh agus le tuiscint
- Cuimsitheach ach gan a bheith rófhada

Moltar an clár seo a leanas don phlean gnímh:

Mí Mheán Fómhair

- Coiste Gaelbhratach a bhunú
- Aontú ar lá agus am uair sa tseachtain nó sa choicís le haghaidh cruinnithe den Choiste Gaelbhratach, m.sh. am lóin gach Luan sa cheaintín
- Suirbhé a dhéanamh sa scoil
- Freastal ar cheann de cheardlanna traenála ***Gaelbhratach***

Mí Dheireadh Fómhair

- Plean gnímh a aontú agus tús a chur leis
- Imeachtaí don mhí seo:
- Páirt a ghlacadh i *COMHRÁ*
- Ciorcal Comhrá

Mí na Samhna

- Imeachtaí don mhí seo:
- Rang Ealaíne as Gaeilge
- Ciorcal Comhrá
- Páirt a ghlacadh i *Gaeilge 24*

Mí na Nollag

- Imeachtaí don mhí seo:
- Céilí na Nollag
- Clár raidió
- An Seó Bóthair a shocrú don scoil

Mí Eanáir

- Tús a chur le clár imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge
- 30 Eanáir: Spriocdháta le horduithe a chur isteach le haghaidh ábhair Sheachtain na Gaeilge
- Imeachtaí don mhí seo:
- Comórtas spóirt as Gaeilge
- Ciorcal Comhrá

Mí Feabhra

- Imeachtaí don mhí seo:
- Biongó as Gaeilge
- Tóraíocht Taisce

Mí an Mhárta

- Clár imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge:
- Comórtas Ealaíne i measc na scoláirí
- Lón le Gaeilge
- Ceolchoirm
- Tráth na gCeist
- Imeacht le scoil eile sa cheantar
- Tóg Amach Mé
- 27 Márta: Spriocdháta le hiarratais a chur isteach do chomórtais Sheachtain na Gaeilge

Mí Aibreáin

- Imeachtaí don mhí seo:
- X Factór – ar nós an tseó teilifíse
- Bréagagallaimh eagraithe ag na scoláirí níos sinsearaí ar na daltaí níos sóisearaí

Mí na Bealtaine

- Measúnú le déanamh sa scoil ar an obair ar fad a rinneadh i rith na bliana chun ***Gaelbhratach*** a bhaint amach
- Ócáid dheireadh bhliana a eagrú

Sampla:
CLÁR AN PHLEAN GNÍMH

1. **Achoimre**
2. **Eolas ar an gCoiste Gaelbhratach**
3. **Eolas ar an nGaeilge sa scoil ón suirbhé**
4. **Gníomhaíochtaí:**
5. **Féilire imeachtaí**
6. **Seachtain na Gaeilge**
7. **Cumarsáid**
8. **Comórtais**
9. **Cuairteoirí ar an scoil**
10. **Ócáid dheireadh bhliana**
11. **Monatóireacht**
12. **Fís don Ghaeilge sa scoil**

* Ba chóir don Choiste Gaelbhratach tacaíocht fhoirmiúil a lorg don phlean gnímh ó:

1. Príomhoide na scoile
2. Bord Bainistíochta / Bord Gobharnóirí na scoile
3. Coiste Tuismitheoirí na scoile

B'fhiú do na grúpaí seo an deis a thapú chomh maith chun a ról i mbaint amach Gaelbhratach a phlé. D'fhéadfadh siad gníomhaíochtaí Gaeilge ar leith a eagrú i bpáirt leis an gCoiste Gaelbhratach, ar nós:

- Ranganna Gaeilge a eagrú do thuismitheoirí / mhúinteoirí
- Ciorcail chomhrá a bhunú do thuismitheoirí / mhúinteoirí
- Imeachtaí Gaeilge a eagrú do theaghlaigh agus d'fhoireann na scoile
- nó eile

Caibidil 7 –
Mana/Fís don Ghaeilge sa scoil

Is féidir mana nó fís don Ghaeilge sa scoil a roghnú. Más mana a roghnaítear, ní mór don mhana a bheith gonta agus gairid. Sampla do mhana ná: *Tír gan teanga tír gan anam* nó *'Sé ár dtoil go mbeadh Gaeilge sa scoil'.*

Más fís don Ghaeilge sa scoil a roghnaítear, is alt scríbhneoireachta a bheadh i gceist de ghnáth. Ní mór don fhís a bheith:
(A) Inspioráideach – deis atá anseo chun an scoil a spreagadh chun níos mó úsáide a bhaint as an nGaeilge tríd fís inspioráideach a aontú
(B) Uaillmhianach ach Réalaíoch – is fiú don scoil fís uaillmhianach a chur le chéile gur féidir a bhaint amach tríd an obair a chur isteach ann ach is gá a bheith cúramach ag an am céanna go bhfuil an fhís insroichte
(C) Sonrach agus Soiléir – Is gá don fhís a bheith intuigthe go héasca agus gonta go leor

m.sh. *Beidh Coláiste Mhuire ina scoil eiseamláireach ag cur úsáid na Gaeilge chun cinn i measc na scoláirí, na foirne agus an bhoird bhainistíochta. Spreagfar agus cumasófar na scoláirí, ní amháin sa rang Gaeilge ach lasmuigh di chomh maith, le himeachtaí as Gaeilge a eagrú sa scoil go seachtainiúil ar bhonn pleanáilte, leanúnach agus taitneamhach.*

Nuair atá dréacht den mhana/fhís don Ghaeilge curtha le chéile ag an gCoiste Gaelbhratach, ba chóir an dréacht a phoibliú sa scoil agus deis a thabhairt don scoil ar fad aiseolas nó moltaí a thabhairt. D'fhéadfadh an Coiste Gaelbhratach ansin an mana nó an fhís a leasú agus glacadh leis ar son na scoile.

Moltar an mana/an fhís a chur ar taispeáint go soiléir in áit feiceálach sa scoil.

Conradh na Gaeilge
Gael Linn
Foras na Gaeilge

Caibidil 8 –
Monatóireacht

Is gá don Choiste Gaelbhratach monatóireacht leanúnach a dheánamh ar an dul chun cinn a dhéantar i rith na bliana. Beidh an t-eolas seo le stóráil sa bhfillteán ***Gaelbhratach***.

Beidh ar an gcoiste a bheith cinnte go bhfuil na gníomhaíochtaí éagsúla sa phlean á gcur i bhfeidhm acu. **Tá foirm mhonatóireachta mhíosúil ar lch 30**.

Beidh oifigeach ***Gaelbhratach*** ag teacht ar cuairt chun na scoile trí uair in aghaidh na bliana. Beidh cuairt amháin roimh Nollaig, cuairt eile tar éis na Nollag (Feabhra / Márta) agus measúnú tar éis na Cásca.

Don chéad chuairt, beidh an cúig ghníomh riachtanach le bheith déanta agus beidh ar an gcoiste a bheith in ann a thaispeáint go mbeidh imeacht mhór amháin curtha i gcrích roimh shaoire na Nollag. Beidh ar an gcoiste an plean don bhliain a chur ar fáil chomh maith.

Don dara cuairt, beidh ar an gcoiste an plean a thaispeáint don dá imeacht eile, chomh maith le plean do Sheachtain na Gaeilge a chur ar fáil.

Don mheasúnú, beidh cruinniú ag an oifigeach Gaelbhratach leis an gcoiste ar fad. Beidh an t-oifigeach ag tógaint leis/leí an fillteán ***Gaelbhratach*** ar an lá chomh maith.

Tá sé tábhachtach go mbeadh uasdátú á dhéanamh go rialta ar an bhfillteán i rith na bliana. Is fianaise agus stór eolais é an fillteán ***Gaelbhratach*** den obair ar fad a bhí déanta ó thús deiridh na bliana chomh maith leis an fhianaise a bheidh curtha in airdear an mblag i rith na bliana ar shuíomh ***Gaelbhratach***.

Caibidil 9 –
Imeachtaí / Smaointe

Conas gur féidir *Gaelbhratach* a cheangal le hobair churaclaim sa scoil?

D'fhéadfaí ***Gaelbhratach*** a cheangal le hobair churaclaim na scoile tríd an nGaeilge a chur san áireamh i ngnáthobair ábhair eile seachas an Ghaeilge, m.sh.

- Comharthaí Gaeilge don scoil a dhearadh sa Rang Ealaíne
- Logainmneacha a chur san áireamh san ábhar *Tíreolaíocht*. Eolas ar chearta teanga agus forbairt na Gaeilge san ábhar *Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* ó thuaidh nó san ábhar *Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil* ó dheas
- Stair athbheochan na Gaeilge a chuimsiú sna tréimhsí staire roghnaithe don ábhar Stair.

Gníomhaíochtaí
Ba chóir féilire d'imeachtaí atá beartaithe a chur le chéile. Dar ndóigh, is féidir leis an bhféilire athrú de réir a chéile ach tá sé go maith treoir a bheith ann ar na himeachtaí atá beartaithe. Chabhródh seo le:

- Eagrú agus pleanáil i gceart do na himeachtaí atá le teacht
- Scoláirí na scoile a bheith ar an eolas i bhfad chun tosaigh ar na himeachtaí atá le teacht agus a bheith réidh dóibh.

Ba chóir go mbeadh rialtacht ag baint leis na himeachtaí ach is gá a bheith cúramach gan an iomarca imeachtaí a eagrú ar eagla nach mbeadh an t-am nó na daoine ann chun iad a eagrú i gceart.

Tá moltaí thíos ar imeachtaí eile gur féidir a eagrú:

- 'An bhfuil tu níos cliste ná na múinteoirí?'
- Aoichainteoir – stair an Chumainn Lúthchleas Gael, deiseanna fostaíochta san earnáil ghaelach.
- Banna Ceoil cáiliúil le hamhráin Ghaeilge
- Biongó as Gaeilge
- Bréagagallaimh eagraithe ag na scoláirí níos sinsearaí ar na daltaí níos sóisearaí
- Bréagchúirt sa scoil
- Caife agus Comhrá
- Cath seanfhocal
- Ceardlann "Ár dTeanga Mo Rogha" (cearta teanga) – Aoichainteoir ó Chonradh na Gaeilge
- Ceardlann amhránaíochta, drámaíochta, scríbhneoireachta
- Céilí / Cóisir Ghaeilge
- Celebrity Bainisteoir le foireann na scoile agus foirne ó na blianta éagsúla
- Ceolchoirm – ceol ó mhic léinn féin / amhráin a aistriú
- Ceoldráma nó Geamaireacht as Gaeilge
- Clár raidió
- Cleamhnas – ar nós an tseó teilifíse 'Dáta Dall'
- Club leabhar, bunaithe ar leabhair Ghaeilge, ón leabharlann
- Cluiche bleachtaireachta "Fiosrú Dúnmharaithe" as Gaeilge (grúpa beag go leor)
- Cluichí agus cártaí trí Ghaeilge
- Colláis(collage) a dhéanamh leis an rang ealaíne
- Comórtais spóirt as Gaeilge
- Comórtas Amhránaíochta as Gaeilge / Amhráin nuachumtha
- Comórtas cainte poiblí
- Comórtas Cumadóireachta Rapcheoil- rap off
- Comórtas Damhsa ar an Sean-nós
- Comórtas deartha póstaer as Gaeilge
- Comórtas ealaíne / filíochta / gearrscéalaíochta
- Comórtas greannáin (Comics) as Gaeilge
- Comórtas grianghrafadóireachta-téamaí Gaeilge / gaelacha
- Comórtas iriseoireachta – idir foilseacháin na gcoláistí éagsúla
- Comórtas Mú agus Bú – beirt shonóg – dhá bhó gléasta ag siúl timpeall na scoile. Bíonn ar dhaoine pictiúir a fháil leo, iad a chur ar Facebook agus clib a chur ar Chlub Gaeilge na scoile. Buann an chéad chúigear a dhéanann seo duais.
- Comórtas ollmhór sa pheil Ghaelach idir foirne as na scoileanna éagsúla ar fad.
- Comórtas Scrabble as Gaeilge
- Comórtas Wii / pro-ev / Playstation
- Cór Gaeilge a bhunú
- Countdown trí Ghaeilge
- Cuir sceideal TG4 ag crochadh ar Bhalla na Gaeilge.
- Díospóireacht as Gaeilge ar ábhar reatha
- Dráma trí Ghaeilge
- Dul go drámaí Gaeilge in amharclanna móra; BÁC / Gaillimh / Féile Drámaíochta Náisiúnta
- Éacht aistriúcháin – Facebook / Wikipedia / Twitter a aistriú go Gaeilge
- Fleadh sa scoil
- Focal na Seachtaine – crochtar timpeall na scoile é
- Hiopnóis as Gaeilge (Zack Powers)
- Imeacht ar nós speed dating a eagrú ach go mbeadh na daltaí ag cur síos ar na pictiúir do na scrúduithe béil le daltaí ó scoileanna eile
- Imeachtaí ar Lá Fhéile Vailintín; scóráil sciobtha, céilí rómánsúil!
- Imeachtaí idir scoileanna – Aimsigh scoil eile atá sásta bualadh libh!

- Karaoke as Gaeilge
- Léamh filíochta le filí móra agus scoláirí
- Lón le Gaeilge
- Oilimpicí, i nGaeilge
- Oireachtas na Samhna – déan freastail ar Scléip na hÓige!
- Oireachtas na scoile (Oireachtas Beag)
- Paisean Faisean
- Peigín Leitir Móir (Miss Gaeltacht Pageant) ach le buachaillí
- Picnic na Gaeilge
- Póstaeir le nathanna cainte greannmhara a chrochadh timpeall na háite
- Raidió Rí-Rá ag craoladh beo ón gcoláiste / clár a bheith agat leo / agallamh leo
- Rang ag múineadh Téacschaint as Gaeilge 'an8 agus mar sin de.
- Rós na Scoile
- Seanfhocal na seachtaine
- Seirbhís Aifrinn as Gaeilge
- Seó Tallainne as Gaeilge
- Siúlóid faoin tuath / timpeall ar ionad oidhreachta le treoraí le Gaeilge
- T-léinte as Gaeilge
- Tobchéilí (Flashmob)
- Tóg Amach Mé
- Toraíocht Taisce timpeall na scoile
- TradDiscó
- Tráth na gCeist
- X Factor as Gaeilge

Seachtain na Gaeilge
Is féile Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge a ritear i mí an Mhárta gach bliain agus a chuireann úsáid na Gaeilge agus an chultúir Ghaeilge chun cinn, anseo in Éirinn agus thar lear.

Bhunaigh Conradh na Gaeilge an fhéile sa bhliain 1902. Tá an fhéile tar éis neart fuinnimh a bhailiú le blianta beaga anuas, agus tá sí anois ar an gceiliúradh is mó dár dteanga agus dár gcultúr dúchais a ritear in Éirinn gach bliain, ag cur tíortha eile leí ar an mbealach. Tugann an fhéile deis do gach uile dhuine spraoi a bheith acu leis an nGaeilge, idir chainteoirí dúchais, fhoghlaimeoirí agus iad siúd ar bheagán focal araon.

Ba chóir don scoil féilire speisialta d'imeachtaí a chur le chéile do Sheachtain na Gaeilge. Chomh maith le féilire imeachtaí, bíonn go leor comórtaisí eagraithe ag Seachtain na Gaeilge go náisiúnta agus b'fhiú don scoil cur isteach orthu. Tá níos mó eolais agus ábhair tacaíochta le fáil ag www.snag.ie

Cuairteoirí ar an scoil
Is fiú don Choiste Gaelbhratach a bheith ag smaoineamh ar chuairteoirí a thabhairt chun na scoile chun labhairt leis na scoláirí faoi ábhair éagsúla. Bheadh buntáistí faoi leith bainteach leis seo:

- Bheadh na scoláirí níos tiomanta an Ghaeilge a úsáid tar éis a chloisteáil ó dhuine neamhspleách faoi na deiseanna a bhaineann léi, m.sh. má bhíonn cuairt ar an scoil ó dhuine mór le rá le Gaeilge ón teilifís nó eile
- Chabhródh sé le foghlaim na Gaeilge don chúrsa acadúil má thagann file nó scríbhneoir nó eile ar cuairt chun na scoile, m.sh. d'fhéadfaí file a lorg ó Éigse Éireann
- Spreagfadh sé na scoláirí chun smaoineamh ar an nGaeilge i slí éagsúil nua-aimseartha

Ócáid dheireadh bliana
Ba chóir ócáid dheireadh bhliana a eagrú chun aitheantas a thabhairt don obair ar fad a rinneadh chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil. D'fheadfaí seo a dhéanamh tríd:

- Bronnadh fáinní nó / agus teastais aitheantais ar na scoláirí a ghlac páirt nó / agus a chuir feabhas ar a gcuid Gaeilge
- Gradaim faoi leith a bhronnadh ar dhaoine faoi leith a rinne an iarracht is fearr nó orthu siúd ar tháinig an feabhas is mó orthu nó a d'eagraigh an imeacht is fearr, nó eile
- D'fhéadfaí an ócáid seo a eagrú ag tionól sa scoil nó mar chuid d'imeacht sóisialta eile, cosúil le lón Gaelach, céilí, ceolchoirm, nó eile.

Caibidil 10 – Doiciméid

Amchlár samplach don bhliain:

Mí	Le déanamh
Mí Mheán Fómhair	• Coiste Gaeilge a bhunú • Aontú ar lá agus am uair sa tseachtain nó sa choicís le haghaidh cruinnithe den Choiste Gaeilge, m.sh. am lóin gach Luain sa cheaintín • Suirbhé a dhéanamh sa scoil • Freastal ar cheann de na ceardlanna traenála

Mí Dheireadh Fómhair	• Plean gnímh a aontú agus tús a chur len é a chur i bhfeidhm
	• Imeachtaí don mhí seo:
	  • Páirt a ghlacadh i *COMHRÁ*
	  • Ciorcal Comhrá

Mí na Samhna	• Imeachtaí don mhí seo:
	  • Rang Ealaín as Gaeilge
	  • Ciorcal Comhrá
	• Páirt a ghlacadh i *Gaeilge 24* ar 11 Samhain

Mí na Nollag	• Imeachtaí don mhí seo:
	  • Céilí na Nollag
	  • Clár raidió
	• An Seó Bóthair a shocrú don scoil

Mí Eanáir:	• Tús a chur le clár imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge a eagrú
	• *30 Eanáir: Spriocdháta le horduithe a chur isteach le haghaidh ábhair Sheachtain na Gaeilge*
	• Imeachtaí don mhí seo:
	  • Comórtas spóirt as Gaeilge
	  • Ciorcal Comhrá

Mí Feabhra:	• Imeachtaí don mhí seo:
	  • Biongó as Gaeilge
	  • Tóraíocht Taisce

Mí an Mhárta	• Clár imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge:
	  • Comórtas Ealaíne i measc na mac léinn
	  • Lón le Gaeilge
	  • Ceolchoirm
	  • Tráth na gCeist
	  • Imeacht le scoil eile sa cheantar
	  • Tóg Amach Mé
	• 27 Márta: Spriocdháta le hiarratais a chur isteach do chomórtais SnaG

Mí Aibreáin	• Fís don Ghaeilge a aontú don scoil
	• Imeachtaí don mhí seo:
	  • X Factór - ar nós an tseó teilifíse
	  • Bréagagallaimh eagraithe ag na mic léinn níos sinsearaí ar na daltaí níos sóisearaí

Mí na Bealtaine	• Measúnú le déanamh sa scoil ar an obair leis an nGaelbhratach a bhaint amach • Ócáid dheireadh bhliana a eagrú

lógó na scoile

2.0. CRUINNIÚ DEN CHOISTE GAEILGE

Dáta: Dé Luain, 22 Meán Fómhair
Am: 13.00
Ionad: Seomra 202

#	Le plé	Mír	Cáipéis
1.	Leithscéalta	-	-
2.	Miontuairiscí	Ón gcruinniú deiridh	2.1.
3.	Tuairiscí	Ó na hoifigigh[3]	-
4.	Plean Gnímh	a. Ceisteanna a shocrú don suirbhé b. Plé ar an bplean	2.2. -
5.	Imeachtaí le teacht	a. Gaeilge 24 b. Club Gaeilge	2.3. -
6.	Dáta don chéad chruinniú eile	Dé Luain, 29 Meán Fómhair 2014 ag 13.00	-
7.	Aon Ghnó Eile	-	-

lógó na scoile

2.1. MIONTUAIRISCÍ DEN CHOISTE GAEILGE

Dáta: Dé Luain, 15 Meán Fómhair
Am: 13.00
Ionad: Seomra 202

I Láthair: Muireann Ní Chába, Cathaoirleach; Seosamh Ó Murchú, Leas-Chathaoirleach; Sharon Ní Mhuirí, Rúnaí; Seán Ó Dúill, Cisteoir; Emer Ní Mhóráin, Oifigeach Caidreamh Poiblí; Niamh Ní Chearúil, Cormac Ó Ceannabháin

Ag freastal: Pól Mac Cárthaigh, Múinteoir

#	Mír	Gníomh / Eolas	Freagrach as	Sprioc-dháta
1.	Leithscéalta:	Colm Ó Dáimhín, ball eile	-	-
2.	Miontuairiscí:	Ní raibh aon ní ag éirí astu.	-	-
3.	Tuairiscí:	Thug gach oifigeach tuairisc ó bhéal	-	-
4.	Plean gnímh	Pléadh an suirbhé & an plean gnímh don scoil.		
		a. Aontaíodh suirbhé a chur ar gach mac léinn faoin a leibhéal chumas Gaeilge agus suim sa Ghaeilge.	Gach duine ar an gcoiste	20 Meán Fómhair
		b. Aontaíodh chomh maith go gcuirfear dréacht phlean gnímh le chéile.	Muireann Ní Chába	28 Meán Fómhair
5.	Imeachtaí le teacht	Pléadh imeachtaí éagsúla le heagrú sa scoil.		
		a. Aontaíodh dréacht clár imeachtaí a chur le chéile	Seosamh Ó Murchú	20 Meán Fómhair
		b. Aontaíodh Club Gaeilge iarscoile a chur ar bun sa scoil ag tosú ar 1 Deireadh Fómhair 2014.	Niamh Ni Chearúil	01 Deireadh Fómhair
		Aontaíodh teagmháil a dhéanamh le hÓgras.	Pól Mac Cárthaigh	21 Meán Fómhair
6.	Dáta don chéad chruinniú eile:	22/09 socruithe don chéad chruinniú eile.	-	-
7.	Aon Ghnó Eile:	Ní raibh aon ghnó eile.	-	-

lógó na scoile

Dáta: 03 Márta

TEIDEAL AN PHREASRÁITIS

(m.sh. CLÁR IMEACHTAÍ 7 LÁ EAGRAITHE AG COLÁISTE SHEOSAIMH DO SHEACHTAIN NA GAEILGE)

ALT 1: **Ba chóir na ceisteanna seo a leanas ar fad a fhreagairt sa chéad alt den phreasráiteas: Céard atá ar siúl; Cá bhfuil sé ar siúl? Cathain a bheidh sé ar siúl? Cé atá á eagrú? Cén fáth go bhfuil sé ar siúl?**

m.sh. Beidh Coláiste Sheosaimh, Áth Luain, Co. na hIarmhí ag eagrú féilire spleodrach lán le himeachtaí do mhic léinn agus foireann na scoile ar feadh 5 lá sa scoil ón 2 Márta go dtí an 6 Márta le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge.

ALT 2: **Ba chóir don dara alt ráiteas a chur san áireamh ó dhuine éigin ar an gCoiste Gaeilge ag rá rud eigin faoin imeacht**

m.sh. Dúirt Muireann Ní Chába, Cathaoirleach, Coiste Gaeilge Cholaiste Sheosaimh: "Is deis iontach í seo leis an nGaeilge a chur chun cinn sa scoil. Táimid an-sceitimíneach ach go háirithe mar go mbeidh Kíla ag teacht ar chuairt chugainn le seinm ag an gcéilí a bheidh againn ar an Aoine, 6 Márta".

ALT 3: **Is féidir eolas breise faoin imeacht nó ráiteas eile a chur ó dhuine eile ón gCoiste Gaeilge sa tríú alt (nó d'fheadfái alt nó dhó eile a chur i ndiaidh seo).**

m.sh. Beidh réimse an-leathan d'imeachtaí eagraithe sa scoil do Sheachtain na Gaeilge. Beidh céilí ar an Luan agus ar an Aoine. Beidh clár raidió speisialta gach lá. Beidh comórtais idir na mic léinn agus go leor leor imeachtaí eile. Tá an t-eolas ar fad le feiceáil ag www.colaistesheosaimh.ie.

TEAGMHÁIL: **Is gá sonraí teagmhála beirt a chur ar phreasráiteas. De ghnáth bheadh an cathaoirleach agus an t-oifigeach caidrimh poiblí i gceist.**

m.sh. Sonraí teagmhála:

Muireann Ní Chába,	Emer Ní Mhóráin,
Cathaoirleach,	OCP,
eolas@colseos.ie	ocp@colseos.ie
087 6364842	086 3366363

Seicliosta:

Is gá na hábhair ar fad luaite thíos a bhailiú agus a bheith ar fáil don mheasúnú i mí Aibreáin / Bealtaine:

	Le bailiú	Tic
1.	An Plean Gnímh	
2.	Cláir agus miontuairiscí na gCruinnithe den Choiste Gaeilge	
3.	Filteán oibre le heolas ar na himeachtaí, srl. a eagraíodh	
4.	Na foirmeacha monatóireachta	
6.	Fís na scoile don Ghaeilge	
7.	Tacaíocht foirmiúil (i bhfoirm litreach) ó: • Príomhoide na scoile • Bord Bainistíochta / Bord Gobharnóirí na scoile • Coiste Tuismitheoirí na scoile	
8.	Aon ábhair ábhartha eile	

FOIRM MHONATÓIREACHTA

Imeacht: .....

Dáta: .....

Eolas ar an imeacht:

Céard a cheap na múinteoirí / scoláirí de?

An bhfuil aon áit gur féidir linn feabhsú?

Nótaí breise:

Ceisteanna Coitianta faoin Scéim Gaelbhratach:

Cathain a bheidh na hoifigigh ag teacht chun na scoile?

- Beidh 3 chuairt ar an iomlán sa bhliain, ceann roimh Nollag, ceann tar éis na Nollag (Feabhra / Márta) agus measúnú tar éis na Cásca.

Cad a bheidh le déanamh don chéad chuairt?

- An cúig ghníomh riachtanach le bheith déanta agus a bheith in ann a thaispeáint go mbeidh imeacht mhór amháin curtha i gcrích roimh shaoire na Nollag. Beidh ar an gcoiste an plean don bhliain a chur ar fáil chomh maith.

Cad atá le déanamh don dara cuairt?

- Plean a thaispeáint dúinn don dá imeacht eile, an plean gnímh a chur ar fáil chomh maith leis an bplean do Sheachtain na Gaeilge.

Cad a tharlóidh mura bhfuil na spriocanna comhlíonta?

- Déan teagmháil le hoifigigh Gaelbhratach.

Cé mhéid duine a bhíonn ar an gcoiste de ghnáth?

- Ar an meán, bíonn deichniúr ar an gcoiste.

Cé chomh minic is a bhíonn cruinnuithe ag an gcoiste?

- Moltar uair sa tseachtain.

An gá go mbeadh múinteoirí i láthair ag na cruinnuithe?

- I dtosach na bliana, bíonn ar mhúinteoirí freastal ar na cruinnuithe chun tacaíocht a thabhairt do na daltaí. Tar éis cúpla seachtain, ba cheart go mbeadh na daltaí ar a gcompórd agus moltar go mbeadh an múinteoir i láthair uair sa mhí.

Cén tslí is fearr le coiste a bhunú?

- Is féidir toghchán a eagrú sna ranganna. Moltar go mbeadh ionadaithe ó gach bliain ar an gcoiste.

Táimid ag iarraidh imeacht a eagrú le scoil eile atá páirteach sa scéim. Conas gur féidir é seo a dhéanamh?

- Téigh go dtí www.gaelbhratach.ie agus lorg 'Aimsitheoir Scoileanna'. Tá liosta ansin de na scoileanna ar fad atá páirteach sa scéim. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo tré glaoch gutháin nó ríomhphost.

Cén fhad a thógann sé ar scoil an bhratach a bhaint amach?

- Ar an dara leibhéal, bronnfar an bhratach ar scoil tar éis bliana, más rud é go bhfuil na céimeanna cuí comhlíonta.

Cad a tharlaíonn mura n-éiríonn leis an scoil an bhratach a bhaint amach tar éis bliana?

- Mura n-éiríonn leis an scoil sa chéad bhliain, moltar tabhairt faoin scéim arís an dara bliain. Beidh comhairle agus moltaí curtha ar fáil dóibh ó oifigigh Gaelbhratach.

Má éiríonn linn an bhratach a bhaint amach sa chéad bhliain, cad a thárlaíonn sa dara bliain?

- 'Sí príomh aidhm na scéime seo ná an Ghaeilge a chur chun cinn i slí atá nádúrtha, cultúrtha agus taitneamhach. Má bhronnfar an bhratach ar an scoil tar éis bliana, ba cheart go mbeadh forbairt agus níos mó dul chun cinn á dhéanamh sa dara bliain, ní athrá ar an gcéad bhliain atá i gceist. Is féidir níos mó imeachtaí a eagrú agus is féidir le scoileanna díriú isteach ar an spórt, ar an bpobal, ar an tsiamsaíocht nó ar an idirlíon. Ó bhliain go bliain, ba cheart go mbeadh níos mó dul chun cinn déanta agus ba cheart go mbeadh an Ghaeilge ag dul ó neart go neart mar theanga bheo laistigh don scoil agus sa phobal áitiúil. Má chomhlíontar na spriocanna i mbliain 2, 3, 4 srl. bronnfar bratach bheag triantánach ar an scoil gur féidir a chur ar foluain ar an bpolla taobh thíos den bhratach mhór. Beidh an bhlian scríofa ar an mbratach seo a léireoidh go bhfuil an scéim Gaelbhratach fós ag feidhmiú sa scoil.

Má bhíonn comhairle uaim i rith na bliana, cad is féidir liom a dhéanamh?

- Déan teagmháil leis na hoifigigh Gaelbhratach.

Céard atá le déanamh don mheasúnú?

- Ag an dtráth seo, ba cheart go mbeadh na himeachtaí go léir curtha i gcrích agus an fillteán ullamh. Cuirfear agallamh ar an gcoiste iomlán agus tógfaidh oifigeach Gaelbhratach an fillteán. Is féidir an seomra / balla Gaeilge nó aon fhíseáin a thaispeáint le linn na cuairte seo chomh maith.

Céard atá le cur isteach san fhillteán?

- Plean oibre
- Plean gnímh
- Mana/ Fís na scoile
- Foirmeacha ar fad
- Féilire na bliana
- Grianghraif
- Litir ón mbord bainistíochta / litir thacaíochta ó phríomhoide na scoile.

Cathain a bhronnfar na bratacha?

- Timpeall Mí Aibreáin / Mí Bealtaine. Beidh ócáid mhór bhronnta i mBaile Átha Cliath le duine mór le rá.

An gcaithfidh na himeachtaí go léir a bheith déanta trí mheán na Gaeilge?

- Gan dabht, is trí mheán na Gaeilge i gcónaí a dhéantar na himeachtaí seo.

Cad a tharlaíonn tar éis dúinn Gaelbhratach a bhaint amach sa chéad bhliain?

- Moltar dul ar aghaidh sa dara bliain. Féach lth 11.

Cad a tharlaíonn sa 3ú bl?

- An córas céanna a bheidh ann bliain i ndiaidh bliana.

Cé eile atá páirteach sa Gaelbhratach?

- Scoileanna ó cheann ceann na tíre. Is féidir na scoileanna seo a aimsiú ar shuíomh Gaelbhratach – www.gaelbhratach.ie Tá meascán scoileanna páirteach sa scéim, Gaelcholáistí (Scoileanna T1) san áireamh.

Conas gur féidir linn preasráiteas do imeachtaí éagsúla a chur le chéile?

- Tá preasráiteas samplach agus níos mó eolais ar lth 28.

Eolas Breise

Tabhair cuairt ar an suíomh: **www.gaelbhratach.ie**

gaelbhratach

Gael Linn
35 Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2
01 675 1200
www.gael-linn.ie